Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0383(NLE)**

**14614/21**
**ADD 2**

**JAI 1333**
**COPEN 433**
**CYBER 321**
**ENFOPOL 483**
**TELECOM 453**
**EJUSTICE 106**
**MI 913**
**DATAPROTECT 277**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 719 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 719 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 719 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 719 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht**

**IARSCRÍBHINN [...]**

AN DARA PRÓTACAL GHABHANN LEIS AN GCOINBHINSIÚN MAIDIR LE CIBEARCHOIREACHT, PRÓTACAL I NDÁIL LE COMHAR FEABHSAITHE AGUS NOCHTADH FIANAISE LEICTREONAÍ

BROLLACH

Tá comhaltaí Chomhairle na hEorpa agus na Stáit eile is Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht, (Uimh. ETS 185, dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta), arna oscailt le haghaidh a shínithe i mBúdaipeist an 23 Samhain 2001, ar sínitheoirí iad leis seo,

Á mheabhrú dóibh raon feidhme agus tionchar an Choinbhinsiúin i ngach réigiún den domhan;

Á mheabhrú dóibh go gcomhlíontar an Coinbhinsiún cheana féin leis an bPrótacal Breise a bhaineann le coiriúlú na ngníomhaíochtaí de chineál ciníoch agus seineafóibeach a dhéantar trí chórais ríomhaireachta (Uimh. ETS 189), prótacal arna oscailt le haghaidh a shínithe in Strasbourg an 28 Eanáir 2003 (dá ngairtear 'an Chéad Phrótacal' anseo feasta'), idir na Páirtithe sa Phrótacal sin;

Á chur san áireamh na conarthaí de chuid Chomhairle na hEorpa atá i bhfeidhm cheana maidir le comhar in ábhair choiriúla mar aon le comhaontuithe agus comhshocruithe maidir le comhar in ábhair choiriúla idir na Páirtithe sa Choinbhinsiún;

Ag féachaint freisin don Coinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (ETS Uimh. 108) arna leasú ag a Phrótacal leasaitheach (CETS Uimh. 223), prótacal arna oscailt le haghaidh a shínithe in Strasbourg an 10 Deireadh Fómhair 2018, agus a bhféadfar iarraidh ar aon Stát aontú leis;

Ag aithint dóibh an méadú atá ag teacht ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí idirlín, agus an méadú atá ag teacht ar an gcibearchoireacht, rud atá ina bhagairt ar an daonlathas agus ar an smacht reachta, agus rud a fhéachann neart Stát air mar bhagairt ar chearta an duine freisin;

Ag aithint dóibh freisin an méadú atá ag teacht ar an líon daoine atá ina n-íospartaigh i ngeall ar an gcibearchoireacht agus an tábhacht a bhaineann le ceartas a fháil do na híospartaigh sin;

Á mheabhrú dóibh go bhfuil an fhreagracht ar rialtais an tsochaí agus daoine aonair a chosaint ar choireacht, ní hamháin an choireacht as líne ach an choireacht ar líne freisin, lena n-áirítear trí imscrúdaithe coiriúla agus ionchúisimh éifeachtúla;

Agus iad eolach go mbíonn fianaise i leith cionta cóiriúla á stóráil níos minice i bhfoirm leictreonach ar chórais ríomhaireachta i ndlínsí coimhthíocha, iomadúla nó anaithnide, agus ós deimhin leo go bhfuil gá le bearta breise chun fianaise den sórt sin a fháil go dleachtach ionas gur féidir freagairt ceartais chóiriúil éifeachtach a thabhairt agus seasamh leis an smacht reachta;

Ag aithint dóibh an gá atá le comhar níos mó agus níos éifeachtúla idir Stáit agus an earnáil phríobháideach, agus an gá atá ann sa chomhthéacs seo le soiléireacht nó cinnteacht dhlíthiúil le haghaidh soláthraithe seirbhíse agus eintitis eile maidir leis na himthosca inar bhféadfaidh siad freagairt ar iarrataí díreacha ó údaráis ceartais choiriúil ar chríoch Páirtithe eile maidir le sonraí leictreonacha a nochtadh;

D'fhonn comhar a fheabhsú maidir leis an gcibearchoireacht agus le bailiú na fianaise i bhfoirm leictreonach i leith aon chion cóiriúil chun críche imscrúdaithe nó imeachta coiriúla sonracha, rud a dhéanfar trí bhíthin uirlisí breise a bhaineann le cúnamh frithpháirteach níos éifeachtúla agus foirmeacha eile comhair idir údaráis inniúla; comhar i gcásanna éigeandála; agus comhar díreach idir na húdaráis inniúla agus soláthraithe seirbhíse agus eintitis eile a bhfuil faisnéis ábhartha ina seilbh nó faoina smacht;

Ós deimhin leo, go dtéann sé chun tairbhe don chomhar trasteorann éifeachtach chun críocha an cheartais choiriúil, lena n-áirítear idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, más rud é gurb ann do dhálaí agus do choimircí éifeachtacha le haghaidh chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a chosaint;

Ag aithint dóibh gur minic a bhíonn sonraí pearsanta i gceist nuair a bhailítear fianaise leictreonach le haghaidh imscrúduithe coiriúla, agus ag aithint dóibh go bhfuil sé ina cheangal ar roinnt de na Páirtithe an príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint chun a gcuid oibleagáidí bunreachtúla agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh; agus

Á mheabhrú dóibh gur gá a áirithiú go mbeidh bearta éifeachtacha um cheartas coiriúil maidir leis an gcibearchoireacht faoi réir coinníollacha agus coimircí lena bhforáiltear maidir le cosaint leordhóthanach le haghaidh chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear na cearta is toradh ar oibleagáidí a ghlac na Stáit orthu féin faoi na hionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine amhail Coinbhinsiún 1950 de chuid Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (Uimh. ETS 5), Cúnant Idirnáisiúnta 1966 de chuid na Náisiún Aontaithe ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Cairt 1981 na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, Coinbhinsiún Meiriceánach 1969 maidir le Cearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine;

Tar éis an mhéid seo a chomhaontú:

## CAIBIDIL I – FORÁLACHA COITEANNA

### Airteagal 1 - Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo an méid seo a leanas a fhorlíonadh:

a. an Coinbhinsiún idir na Páirtithe sa Phrótacal seo; agus

b. an Chéad Phrótacal idir na Páirtithe sa Phrótacal seo, ar Páirtithe iad sa Chéad Phrótacal freisin.

### Airteagal 2 - Raon feidhme

1. Ach amháin má shonraítear a mhalairt anseo, na bearta a shonraítear sa Phrótacal seo, is mar a seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm iad:

a. idir na Páirtithe sa Choinbhinsiún ar Páirtithe iad sa Phrótacal seo, maidir le himscrúduithe coiriúla sonracha, sin nó imeachtaí i dtaca le cionta coiriúla a bhaineann le córais agus sonraí ríomhaireachta, agus maidir le bailiú fianaise i bhfoirm leictreonach i leith cion coiriúil; agus

b. idir na Páirtithe sa Chéad Phrótacal ar Páirtithe iad sa Phrótacal seo, maidir le himscrúduithe coiriúla sonracha, sin nó imeachtaí i dtaca le cionta coiriúla arna mbunú de bhun an Chéad Phrótacail.

2. Glacfaidh gach Páirtí na bearta reachtacha nó na bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Phrótacal seo a chomhlíonadh.

Airteagal 3 - Sainmhínithe

1. Na sainmhínithe a thugtar in Airteagail 1 agus 18, mír 3 den Choinbhinsiún, is sainmhínithe iad a bhfuil feidhm acu maidir leis an bPrótacal seo.

2. Chun críocha an Phrótacail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

a. ciallaíonn 'údarás lárnach' an t-údarás nó na húdaráis arna n-ainmniú faoi chonradh cúnaimh fhrithpháirtigh nó faoi chomhshocrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach atá i bhfeidhm idir na Páirtithe lena mbaineann, nó, in éagmais an mhéid sin, an t-údarás nó na húdaráis arna n-ainmniú ag Páirtí faoi Airteagal 27, mír 2.a, den Choinbhinsiún;

b. ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás breithiúnach, údarás riaracháin nó údarás eile um fhorfheidhmiú an dlí a dtugtar de chumhacht dó faoin dlí náisiúnta na bearta faoin bPrótacal seo a ordú, a údarú nó a fhorghníomhú, d'fhonn fianaise a bhailiú nó a thabhairt ar aird i ndáil le himscrúduithe nó le himeachtaí coiriúla sonracha;

c. ciallaíonn 'éigeandáil' staid inarb ann do ghar-riosca suntasach do bheatha nó do shábháilteacht aon duine nádúrtha;

d. ciallaíonn 'sonraí pearsanta' faisnéise a bhaineann le duine nádúrtha atá aitheanta nó inaitheanta;

e. ciallaíonn 'Páirtí aistritheach' an Páirtí a tharchuireann na sonraí mar fhreagairt ar iarraidh nó mar chuid d'fhoireann chomhpháirteach imscrúdúcháin, sin nó chun críocha Chaibidil II, mír 2, Páirtí a bhfuil soláthraí seirbhíse tarchurtha nó eintiteas a chuireann seirbhísí clárúcháin um ainmneacha fearainn ar fáil suite ar a chríoch.

Airteagal 4 - Teanga

1. Iarrata, orduithe agus an fhaisnéis a ghabhann leo a chuirtear faoi bhráid Páirtí, beidh siad i dteanga atá inghlactha ag an bPáirtí iarrtha nó an Páirtí a dtugadh fógra dó faoi Airteagal 7, mír 5, sin nó beidh aistriúchán i dteanga den sórt sin ag gabháil leo.

2. Orduithe faoi Airteagal 7, agus iarrata faoi Airteagal 6, agus aon fhaisnéis a ghabhann leo, is mar seo a leanas a bheidh siad:

a. iad curtha isteach i dteanga de chuid an Pháirtí eile, ina nglacann an soláthraí seirbhíse nó an t-eintiteas le próiseas náisiúnta inchomparáide;

b. iad curtha isteach i dteanga eile atá inghlactha ag an soláthraí seirbhíse nó ag an eintiteas; nó

c. iad curtha isteach in éineacht le haistriúchán i gceann amháin de na teangacha faoi mhíreanna 2.a nó 2.b.

CAIBIDIL II - BEARTA MAIDIR LE COMHAR FEABHSAITHE

Roinn 1- Na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir le Caibidil II

Airteagal 5 - Na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir le Caibidil II

1. Beidh na páirtithe ag comhoibriú le chéile i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo a mhéid is féidir.

2. Cuimsíonn Roinn 2 den chaibidil seo Airteagail 6 agus 7. Déantar foráil inti maidir le nósanna imeachta lena gcuirtear feabhas ar chomhar díreach le soláthraithe agus eintitis ar chríoch Páirtí eile. Tá feidhm ag Roinn 2, bíodh conradh cúnaimh fhrithpháirtigh ann idir na páirtithe lena mbaineann nó ná bíodh, sin nó bíodh comhshocrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach ann eatarthu nó ná bíodh.

3. Cuimsíonn Roinn 3 den chaibidil seo Airteagail 8 agus 9. Déantar foráil inti maidir le nósanna imeachta chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta idir na húdaráis a mhéid a bhaineann le sonraí ríomhaireachta stóráilte a nochtadh. Tá feidhm ag Roinn 3 bíodh conradh cúnaimh fhrithpháirtigh ann idir na Páirtithe iarratach agus na Páirtithe iarrtha nó ná bíodh, sin nó bíodh socrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach ann eatarthu nó ná bíodh.

4. Cuimsíonn Roinn 4 den chaibidil seo Airteagal 10. Foráiltear inti maidir le nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh frithpháirteach i gcás éigeandála. Tá feidhm ag Roinn 4 bíodh conradh cúnaimh fhrithpháirtigh ann idir na Páirtithe iarratacha agus na Páirtithe iarrtha nó ná bíodh, sin nó bíodh comhshocrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach ann eatarthu nó ná bíodh.

5. Cuimsíonn Roinn 5 den chaibidil seo Airteagail 11 agus 12. Tá feidhm ag Roinn 5 bíodh conradh cúnaimh fhrithpháirtigh ann idir na Páirtithe iarratacha agus na Páirtithe iarrtha nó ná bíodh, sin nó bíodh comhshocrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach ann eatarthu nó ná bíodh. Ní bheidh feidhm ag forálacha Roinn 5 i gcás inarb ann do chonradh nó do chomhshocrú den sórt sin, seachas mar a fhoráiltear in Airteagal 12, mír 7. Mar sin féin, na Páirtithe lena mbaineann, féadfaidh siad a chinneadh go frithpháirteach forálacha mhír 5 a chur i bhfeidhm ina n-ionad sin, mura rud é a bhfuil toirmeasc air faoin gconradh nó faoin gcomhshocrú.

6. I gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo, i gcás ina gceadaítear don Pháirtí iarrtha an coinníoll a leagan síos gurb ann do choiriúlacht dhúbailte sula rachfar i mbun comhair, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta, beag beann ar an ionann nó nach ionann catagóir an chiona nó téarmaíocht a ainmnithe de réir dhlíthe an Pháirtí iarrtha agus an Pháirtí a rinne an iarraidh, más rud é gur cion coiriúil é an t-iompar is cúis leis an gcion ar ina leith a iarrtar cúnamh faoi dhlíthe an Pháirtí iarrtha.

7. Na forálacha sa chaibidil seo, ní chuireann siad srian le comhar idir na Páirtithe féin, nó idir na Páirtithe agus soláthraithe seirbhíse nó eintitis eile faoi chomhaontuithe, comhshocruithe, cleachtais eile is infheidhme, nó faoin dlí náisiúnta.

Roinn 2 - Nósanna imeachta lena gcuirtear feabhas ar chomhar díreach le soláthraithe agus eintitis ar chríoch Páirtithe eile

Airteagal 6 - Iarraidh ar fhaisnéis maidir le clárú ainmneacha fearainn

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé reachtaíocht agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun an chumhacht a thabhairt dá n-údaráis inniúla, chun críoch imscrúduithe nó imeachta coiriúla sonracha, iarraidh a chur faoi bhráid eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí clárúcháin um ainmneacha fearainn ar chríoch Páirtí eile, iarraidh ar fhaisnéis atá i seilbh an eintitis nó faoina smacht, ar faisnéis í lenar féidir cláraí an ainm fearainn a shainaithint nó teagmháil a dhéanamh leis.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé reachtaíocht agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun cead a thabhairt d'eintiteas ar a chríoch an fhaisnéis sin a nochtadh mar fhreagairt ar iarraidh faoi mhír 1, rud a bheidh faoi réir coinníollacha réasúnta dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta.

3. An iarraidh faoi mhír 1, cuimseoidh sí an méid seo a leanas:

a. an dáta ar eisíodh an iarraidh, agus céannacht agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil a d'eisigh an iarraidh;

b. an t-ainm fearainn faoina bhfuil an fhaisnéis á lorg, agus liosta mionsonraithe na faisnéise atá á lorg, lena n-áirítear na heilimintí sonracha seo a leanas;

c. ráiteas ina sonraítear gur eisíodh an iarraidh de bhun an Phrótacail seo, go bhfuil gá leis an bhfaisnéis toisc í a bheith ábhartha maidir le himscrúdú nó imeacht coiriúil sonrach, agus nach n-úsáidfear an fhaisnéis ach amháin le haghaidh an imscrúdaithe nó an imeachta choiriúil shonraigh sin; agus

d. an creat ama a bhfuil an fhaisnéis le tabhairt laistigh de agus an modh ina bhfuil sí le tabhairt, agus aon treoir speisialta eile maidir le nósanna imeachta.

4. Más inghlactha ag an eintiteas, is i bhfoirm leictreonach a fhéadfaidh Páirtí iarraidh a chur isteach faoi mhír 1. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe.

5. Má dhiúltaíonn eintiteas a shonraítear i mhír 1 comhoibriú, an Páirtí iarratach, féadfaidh sé a iarraidh ar an eintiteas sin míniú a thabhairt ar an bhfáth nach bhfuil sé chun an fhaisnéis atá á lorg a nochtadh. An Páirtí iarratach, féadfaidh sé comhairliúchán a lorg leis an bPáirtí ar ar a chríoch atá an t-eintiteas suite, d'fhonn na bearta atá ar fáil chun an fhaisnéis a fháil a chinneadh.

6. Déanfaidh gach Páirtí, tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, nó aon tráth eile, an t-údarás arna ainmniú chun críoch an chomhairliúcháin faoi mhír 5 a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

7. Bunóidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa clár na n-údarás arna n-ainmniú ag na Páirtithe faoi mhír 6 agus coimeádfaidh sé cothrom le dáta é. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú gur cruinn i gcónaí iad na mionsonraí a sholáthair sé le haghaidh an chláir.

Airteagal 7 - Faisnéis rannpháirtí a nochtadh

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé reachtaíocht agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun an chumhacht a thabhairt dá n-údaráis inniúla ordú a eisiúint go díreach chuig soláthraí seirbhíse ar chríoch Páirtí eile chun nochtadh na faisnéise sonraithe stóráilte a bhaineann le rannpháirtí a fháil, faisnéis atá i seilbh an tsoláthraithe seirbhíse sin nó faoina smacht, i gcás ina mbeidh gá leis an fhaisnéis rannpháirtí sin le haghaidh imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla sonracha de chuid an Pháirtí a d'eisigh an t-ordú.

2. a. Glacfaidh gach Páirtí cibé reachtaíocht agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun gur féidir le soláthraí seirbhíse ar a chríoch féin faisnéis rannpháirtí a nochtadh mar fhreagairt ar ordú faoi mhír 1.

b. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó trátha a chuirfear ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa i bhfeidhm, féadfaidh Páirtí - i ndáil le horduithe arna n-eisiúint chuig soláthraithe seirbhíse ar a chríoch - an dearbhú seo a leanas a dhéanamh: 'An t-ordú faoi Airteagal 7, mír 1, ní mór dó a bheith eisithe ag ionchúisitheoir nó ag údarás breithiúnach eile, sin nó faoi mhaoirseacht ionchúisitheora nó údaráis bhreithiúnaigh eile, nó seachas sin, ní mór dó a bheith eisithe faoi mhaoirseacht neamhspleách'.

3. An t-ordú faoi mhír 1, sonrófar ann an méid seo a leanas:

a. an t-údarás a d'eisigh é agus an dáta a eisíodh é;

b. ráiteas ina sonraítear gur eisíodh an t-ordú de bhun an Phrótacail seo;

c. ainm agus seoladh an tsoláthraí seirbhíse nó na soláthraithe seirbhíse a ndéanfar seirbheáil orthu;

d. an cion nó na cionta is ábhar don imscrúdú coiriúil nó don imeacht coiriúil;

e. an t-údarás a bhfuil an fhaisnéis rannpháirtí shonrach á lorg aige, murab ionann é agus an t-údarás a d'eisigh an t-ordú; agus

f. tuairisc mhionsonraithe ar an bhfaisnéis rannpháirtí atá á lorg.

4. An t-ordú faoi mhír 1, beidh an fhaisnéis fhorlíontach seo a leanas ag gabháil leis:

a. an foras dlíthiúil náisiúnta ar a dtugtar de chumhacht don údarás an t-ordú a eisiúint;

b. tagairt do na forálacha dlíthiúla agus do na pionóis is infheidhme maidir leis an gcion atá á imscrúdú nó á ionchúiseamh;

c. sonraí teagmhála an údaráis a dtabharfaidh an soláthraí seirbhíse an fhaisnéis rannpháirtí dó, ar údarás é a bhféadfaidh an soláthraí seirbhíse tuilleadh faisnéise a iarraidh air, nó ar údarás é a dtabharfaidh an soláthraí seirbhíse freagra dó seachas sin;

d. an creat ama ar laistigh de a thabharfar an fhaisnéis rannpháirtí agus an modh ar a dtabharfar í;

e. más é gur iarradh na sonraí a chaomhnú cheana féin lena n-áirítear dáta an chaomhnaithe agus aon uimhir thagartha is infheidhme;

f. aon treoir nós imeachta speisialta;

g. más infheidhme, ráiteas ina sonraítear gur tugadh an fógra comhuaineach de bhun mhír 5; agus

h. aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú le nochtadh na faisnéise rannpháirtí a fháil.

5. a.Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, nó aon tráth eile, féadfaidh Páirtí a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, gur nuair a eisítear ordú faoi mhír 1 chuig soláthraí seirbhíse ar a chríoch, éilíonn an Páirtí, i ngach cás nó in imthosca sainaitheanta, fógra comhuaineach faoin ordú, an fhaisnéise fhorlíontach agus achoimre ar na bhfíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht.

b. Cibé a éilíonn nó nach n-éilíonn an Páirtí fógra faoi mhír 5.a., féadfaidh sé ceangal a chur ar an soláthraí seirbhíse dul i gcomhairle le húdaráis an Pháirtí in imthosca sainaitheanta roimh an nochtadh.

c. Na húdaráis a dtugtar fógra dóibh faoi mhír 5.a nó a dtéitear i gcomhairle leo faoi mhír 5.b, féadfaidh siad, gan moill mhíchuí, a ordú don soláthraí seirbhíse gan an fhaisnéis rannpháirtí a nochtadh sna cásanna seo a leanas:

i. más rud é go bhféadfadh an nochtadh dochar a dhéanamh d'imscrúduithe nó d'imeachtaí coiriúla ar chríoch an Pháirtí sin; nó

ii. bheadh feidhm ag coinníollacha nó foras diúltaithe faoi Airteagal 25, mír 4, agus faoi Airteagal 27, mír 4 den Choinbhinsiún dá mba rud é go n-iarrfaí an fhaisnéis rannpháirtí trí chúnamh frithpháirteach.

d. Na húdaráis a dtugtar fógra dóibh faoi mhír 5.a nó a dtéitear i gcomhairle leo faoi mhír 5.b:

i. féadfaidh siad faisnéis bhreise a iarraidh ar an údarás dá dtagraítear i mír 4.c chun críoch mhír 5.c a chur i bhfeidhm agus ní dhéanfaidh siad an fhaisnéis sin a nochtadh don soláthraí seirbhíse gan toiliú an údaráis sin; agus

ii. cuirfidh siad an t-údarás dá dtagraítear i mír 4.c ar an eolas go pras más rud é go bhfuil treoir tugtha don soláthraí seirbhíse gan an fhaisnéis rannpháirtí a nochtadh agus tabharfaidh siad na cúiseanna leis sin.

e. Déanfaidh an Páirtí údarás amháin a ainmniú chun an fógra a fháil faoi mhír 5.a agus chun na gníomhaíochtaí a shonraítear i míreanna 5.b, 5.c agus 5.d. a chur i bhfeidhm. Tráth a thabharfar an fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa de bhun mhír 5.a ar dtús, cuirfidh an Páirtí sonraí teagmhála an údaráis sin in iúl don Ard-Rúnaí.

f. Bunóidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa clár de na húdaráis arna n-ainmniú ag na Páirtithe de bhun mhír 5.e, clár ina sonraítear cibé an éilíonn nó nach n-éilíonn siad fógra de bhun mhír 5.a. agus na coinníollacha faoina n-éilíonn siad é, agus coimeádfaidh sé cothrom le dáta é. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú gur cruinn iad i gcónaí na mionsonraí a sholáthraíonn sé le haghaidh an chláir.

6. Más inghlactha ag an soláthraí seirbhíse, is i bhfoirm leictreonach a bhféadfaidh an Páirtí ordú a chur isteach faoi mhír 1 agus faisnéis fhorlíontach faoi mhír 4. Féadfaidh an Páirtí fógra agus faisnéis bhreise faoi mhír 5 a sholáthar i bhfoirm leictreonach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe.

7. Má chuireann soláthraí seirbhíse in iúl don údarás i mír 4.c nach nochtfaidh sé an fhaisnéis rannpháirtí atá á lorg, nó mura nochtann sé an fhaisnéis rannpháirtí mar fhreagairt ar an ordú faoi mhír 1 laistigh de tríocha lá ó fhaigheann sé an t-ordú nó laistigh den chreat ama a leagtar síos i mír 4.d, cibé tréimhse ama is faide, féadfaidh údaráis inniúla an Pháirtí eisiúna iarracht a dhéanamh ansin an t-ordú a fhorfheidhmiú trí Airteagal 8 amháin nó trí chineálacha eile cúnaimh fhrithpháirtigh. Féadfaidh na Páirtithe a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse míniú a thabhairt ar an bhfáth ar dhiúltaigh sé an fhaisnéis atá á lorg leis an ordú a nochtadh.

8. Tráth a shíneofar an Prótacal seo nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go n-iarrfaidh an Páirtí eisiúna ar an soláthraí seirbhíse an fhaisnéis rannpháirtí a nochtadh sula n-iarrann an Páirtí sin faoi Airteagal 8 í, ach amháin má thugann an Páirtí eisiúna míniú réasúnta ar an bhfáth nach ndearna sé amhlaidh.

9. Tráth a shíneofar an Prótacal seo nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. an ceart a fhorchoimeád gan an t-airteagal seo a chur i bhfeidhm; nó

b. más rud é go mbeadh nochtadh uimhreacha rochtana de chineálacha éagsúla faoin airteagal ar neamhréir le prionsabail bhunúsacha a chórais dhlíthiúil náisiúnta, an ceart a fhorchoimeád gan an t-airteagal sin a chur i fheidhm maidir leis na huimhreacha sin.

Roinn 3 - Nósanna imeachta lena gcuirtear feabhas ar chomhar idirnáisiúnta idir údaráis maidir le nochtadh na faisnéise ríomhaireachta stóráilte

Airteagal 8 - Éifeacht a thabhairt d'orduithe ó Pháirtí eile maidir le nochtadh brostaithe na faisnéise rannpháirtí agus na sonraí tráchta

1. Glacfaidh gach Páirtí cibé reachtaíocht agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun an chumhacht a thabhairt dá údaráis inniúla ordú a eisiúint atá le cur isteach mar chuid d'iarraidh ar Pháirtí eile, ordú arb é is cuspóir dó iallach a chur ar sholáthraí seirbhíse ar chríoch an Pháirtí eile an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt ar aird

a. faisnéis rannpháirtí, agus

b. sonraí tráchta

ar faisnéis í atá i seilbh an tsoláthraithe seirbhíse sin nó faoina smacht, agus a bhfuil gá léi le haghaidh imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla sonracha de chuid an Pháirtí.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun éifeacht a thabhairt d'ordú faoi mhír 1 arna eisiúint ag an bPáirtí a rinne an iarraidh.

3. An t-ordú faoi bhun mhír 1, an fhaisnéis tacaíochta agus aon treoir speisialta maidir le nósanna imeachta is ea a bheidh san iarraidh a chuirfidh an Páirtí iarratach faoi bhráid an Pháirtí iarrtha.

a. Sonrófar an méid seo a leanas san ordú:

i. an t-údarás a d'eisigh an t-ordú agus an dáta a eisíodh é;

ii. ráiteas ina sonraítear go gcuirtear an t-ordú isteach faoi bhun an Phrótacail seo;

iii. ainm agus seoladh an tsoláthraí seirbhíse nó na soláthraithe seirbhíse a ndéanfar seirbheáil orthu;

iv. an cion nó na cionta is ábhar don imscrúdú coiriúil nó don imeacht coiriúil;

v. an t-údarás a bhfuil an fhaisnéis nó na sonraí á lorg aige, murab ionann é agus an t-údarás a d'eisigh an t-ordú; agus

vi. tuairisc mhionsonraithe ar an bhfaisnéis shonrach nó ar na sonraí sonracha atá á lorg.

b. An fhianaise thacaíochta a thugtar d'fhonn cuidiú leis an bPáirtí iarrtha éifeacht a thabhairt don ordú agus nach ndéanfar í a nochtadh don soláthraí seirbhíse gan toiliú an Pháirtí iarrataigh, sonrófar inti an méid seo a leanas:

i. an foras dlíthiúil náisiúnta ar a dtugtar de chumhacht don údarás an t-ordú a eisiúint;

ii. na forálacha dlíthiúla agus na pionóis is infheidhme maidir leis an gcion atá á imscrúdú nó á ionchúiseamh;

iii. an fáth a gcreideann an Páirtí iarratach go bhfuil an sonraí i seilbh an tsoláthraithe seirbhíse nó faoina smacht;

iv. achoimre ar na bhfíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht;

v. an bhaint atá ag an fhaisnéis nó ag na sonraí leis an imscrúdú nó leis an imeacht;

vi. sonraí teagmhála de chuid údaráis nó de chuid údarás a fhéadfaidh faisnéis bhreise a thabhairt;

vii. ar iarradh an fhaisnéis nó na sonraí a chaomhnú cheana féin, lena n-áirítear dáta an chaomhnaithe agus aon uimhir thagartha is infheidhme; agus

viii. más é go ndearnadh iarracht an fhaisnéis nó na sonraí a fháil ar aon mhodh eile, agus más ea, cén modh a úsáideadh.

c. Féadfaidh an Páirtí iarratach a iarraidh ar an bPáirtí iarrtha treoracha nós imeachta speisialta a chomhlíonadh.

4. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, nó aon tráth eile, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go bhfuil faisnéis tacaíochta bhreise ag teastáil chun éifeacht a thabhairt d'orduithe faoi mhír 1.

5. Glacfaidh an Páirtí iarrtha le hiarrataí i bhfoirm leictreonach. Féadfaidh sé leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe a éileamh sula nglacann sé leis an iarraidh.

6. a. An Páirtí iarrtha, ón dáta a fhaigheann sé an fhaisnéis uile a shonraítear i míreanna 3 agus 4, déanfaidh sé iarrachtaí réasúnta seirbheáil a dhéanamh ar an soláthraí seirbhíse laistigh de chúig lá agus daichead, nó níos luaithe, agus ordóidh sé go dtabharfar an fhaisnéis nó na sonraí atá á n-iarraidh dó tráth nach déanaí ná:

i. fiche lá i gcás faisnéis rannpháirtí; agus

ii. cúig lá agus daichead i gcás sonraí tráchta.

b. Déanfaidh an Páirtí iarrtha foráil maidir le tarchur na faisnéise nó na sonraí a cuireadh ar fáil chuig an bPáirtí iarratach gan moill mhíchuí.

7. Más rud é nach féidir leis an bPáirtí iarrtha na treoracha faoi mhír 3.c a chomhlíonadh de réir mar a iarradh air, cuirfidh sé an Páirtí iarratach ar an eolas faoi sin go pras, agus i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé aon choinníoll faoina bhféadfadh sé iad a chomhlíonadh, agus cinnfidh an Páirtí iarratach ina dhiaidh sin an ceart an iarraidh a fhorghníomhú mar sin féin.

8. Féadfaidh an Páirtí iarrtha diúltú d'iarraidh a fhorghníomhú ar an bhforás a leagtar síos in Airteagal 25, mír 4 nó in Airteagal 27, mír 4 den Choinbhinsiún, nó féadfaidh sé coinníollacha a fhorchur a mheasann sé a bheith riachtanach chun gur féidir an iarraidh a fhorghníomhú. Féadfaidh an Páirtí iarrtha forghníomhú na n-iarrataí a chur siar ar na cúiseanna a leagtar síos faoi Airteagal 27, mír 5, den Choinbhinsiún. Tabharfaidh an Páirtí iarrtha fógra don Pháirtí iarratach a luaithe is féidir faoin diúltú, faoi na coinníollacha nó faoin gcur siar. Tabharfaidh an Páirtí iarrtha fógra don Pháirtí iarratach faoi imthosca eile ar dócha go gcuirfidh siad moill shuntasach ar fhorghníomhú na hiarrata. Beidh feidhm ag Airteagal 28, mír 2.b den Choinbhinsiún maidir leis an airteagal seo.

9. a. Más rud é nach féidir leis an bPáirtí iarratach coinníoll a d'fhorchuir an Páirtí iarrtha faoi mhír 8 a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Páirtí iarrtha ar an eolas go pras faoi sin. Cinnfidh an Páirtí iarrtha ina dhiaidh sin ar cheart an fhaisnéis nó an t-ábhar a sholáthar mar sin féin.

b. Má ghlacann an Páirtí iarratach leis an gcoinníoll, beidh sé ina cheangal air. An Páirtí iarrtha a sholáthraíonn an fhaisnéis nó an t-ábhar faoi réir coinníoll den sórt sin, féadfaidh sé a

éileamh ar an bPáirtí iarratach míniú a thabhairt ar an gcaoi a úsáidfear an fhaisnéis nó an t-ábhar sin i ndáil leis an gcoinníoll sin.

10. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, nó aon tráth eile, déanfaidh gach Páirtí sonraí teagmhála na n-údarás arna n-ainmniú a chur in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa agus na sonraí sin a choimeád cothrom le dáta, arb iad na húdarás arna n-ainmniú le haghaidh an mhéid seo a leanas:

a. ordú a chur isteach faoin Airteagal seo; agus

b. ordú a fháil faoin Airteagal seo.

11. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go gceanglaíonn sé i gcás iarrataí ó Pháirtithe eile faoin airteagal seo, gurb é údarás lárnach an Pháirtí iarrataigh a chuirfidh na hiarrataí sin faoina bhráid, nó gurb é údarás eile arna chinneadh go frithpháirteach ag na Páirtithe lena mbaineann a dhéanfaidh amhlaidh.

12. Bunóidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa clár de na húdaráis arna n-ainmniú ag na Páirtithe faoi mhír 10 agus coimeádfaidh sé cothrom le dáta é. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú gur cruinn i gcónaí iad na mionsonraí a sholáthair sé le haghaidh an chláir.

13. Tráth a shíneofar an Prótacal seo nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí an cearta a fhorchoimeád gan an t-airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le sonraí tráchta.

Airteagal 9 - Nochtadh brostaithe na sonraí ríomhaireachta stóráilte i gcás éigeandála

1. a. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha nó bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo ionas gur féidir lena phointe teagmhála le haghaidh an Líonra 24/7 dá dtagraítear in Airteagal 35 den Choinbhinsiún ('pointe teagmhála'), iarraidh a tharchur, i gcás éigeandála, chuig pointe teagmhála ar chríoch Páirtí eile, nó iarraidh a fháil uaidh, iarraidh ar chúnamh láithreach maidir le nochtadh brostaithe sonraí ríomhaireachta stóráilte atá i seilbh soláthraí seirbhíse nó faoina smacht, soláthraí seirbhíse atá suite ar chríoch an Pháirtí sin, gan iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a dhéanamh.

b. Tráth a shíneofar an Prótacal seo nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú nach ndéanfaidh sé iarrataí faoi mhír 1.a a fhorghníomhú nuair nach bhfuil ach nochtadh faisnéise rannpháirtí á lorg.

2. Glacfaidh gach Páirtí cibé bearta reachtacha agus bearta eile a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun gur féidir an méid seo a leanas a dhéanamh, de bhun mhír 1:

a. chun gur féidir lena húdaráis sonraí a lorg ó sholáthraí seirbhíse ar a chríoch de bhun iarraidh faoi mhír 1;

b. chun gur féidir le soláthraí seirbhíse ar a chríoch na sonraí atá á n-iarraidh a nochtadh dá údaráis mar fhreagairt ar iarraidh faoi mhír 2.a; agus

c. chun gur féidir lena údaráis na sonraí atá á n-iarraidh a sholáthar don Pháirtí iarratach.

3. An iarraidh faoi mhír 1, sonrófar ann an méid seo a leanas:

a. an t-údarás inniúil a bhfuil na sonraí á lorg aige agus an dáta a eisíodh an iarraidh;

b. ráiteas ina sonraítear gur eisíodh iarraidh de bhun an Phrótacail seo;

c. ainm agus seoladh an tsoláthraí seirbhíse nó na soláthraithe seirbhíse a bhfuil na sonraí atá á lorg ina seilbh nó faoina smacht;

d. an cion nó na cionta is ábhar don imscrúdú nó imeacht coiriúil agus tagairt dá fhorálacha dlíthiúil agus do na pionóis is infheidhme;

e. fíorais leordhóthanacha lena léiriú gurb ann d'éigeandáil agus an chaoi a mbaineann na sonraí atá á lorg leis;

f. tuairisc mhionsonraithe ar na sonraí atá á lorg;

g. aon treoir nós imeachta speisialta; agus

h. aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú le nochtadh na sonraí atá á n-iarraidh a fháil.

4. Glacfaidh an Páirtí iarrtha le hiarraidh i bhfoirm leictreonach. Féadfaidh Páirtí glacadh le hiarraidh arna tarchur de bhéal freisin agus féadfaidh sé deimhniú i bhfoirm leictreonach a éileamh. Féadfaidh sé leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe a éileamh sula nglacann sé leis an iarraidh.

5. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go n-éilíonn sé ar na Páirtithe iarratacha, tar éis chur i gcrích na hiarrata, an iarraidh agus aon fhaisnéis fhorlíontach arna tarchur chun tacú léi a chur faoina bhráid i bhformáid agus trí bhealach a shonraíonn an Páirtí iarrtha, a bhféadfadh cúnamh frithpháirteach a bheith i gceist leis.

6. Cuirfidh an Páirtí iarrtha an Páirtí iarratach ar an eolas faoin gcinneadh a rinne sé maidir leis an iarraidh faoi mhír 1 ar bhonn brostaithe tapa, agus i gcás inarb infheidhme, sonróidh sé aon choinníoll faoina soláthródh sé na sonraí nó aon chineál eile comhair a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

7. a. Más rud é nach féidir le Páirtí iarratach coinníoll a d'fhorchuir an Páirtí iarrtha faoi mhír 6 a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Páirtí iarrtha ar an eolas go pras faoi sin. Cinnfidh an Páirtí iarrtha ina dhiaidh sin ar cheart an fhaisnéis nó an t-ábhar a sholáthar mar sin féin. b. Má ghlacann an Páirtí iarratach leis an gcoinníoll, beidh sé ina cheangal air.

b. An Páirtí iarrtha a sholáthraíonn an fhaisnéis nó an t-ábhar faoi réir coinníoll den sórt sin, féadfaidh sé a éileamh ar an bPáirtí iarratach míniú a thabhairt ar an gcaoi a úsáidfear an fhaisnéis nó an t-ábhar sin i ndáil leis an gcoinníoll sin.

## Roinn 4 - Nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh frithpháirteach i gcás éigeandála

### Airteagal 10 - Cúnamh frithpháirteach i gcás éigeandála

1. Féadfaidh gach Páirtí cúnamh frithpháirteach ar bhonn brostaithe tapa a lorg i gcás ina measann sé gurb ann d'éigeandáil. Is éard a chuimseoidh iarraidh faoin airteagal seo, sa bhreis ar na hábhair eile is gá, tuairisc ar na fíorais a léiríonn gurb ann d'éigeandáil agus an chaoi a mbaineann an cúnamh atá á lorg léi.

2. Glacfaidh Páirtí iarrtha le hiarraidh den sórt sin i bhfoirm leictreonach. Féadfaidh sé leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe a éileamh sula nglacann sé leis an iarraidh.

3. Féadfaidh an Páirtí iarrtha faisnéis fhorlíontach a lorg ar bhonn brostaithe tapa chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarraidh. Cuirfidh an Páirtí iarratach an fhaisnéis fhorlíontach sin ar fáil ar bhonn brostaithe tapa.

4. Nuair a bheidh sé sásta gurb ann don éigeandáil agus gur comhlíonadh na ceanglais eile maidir le cúnamh frithpháirteach, freagróidh an Páirtí an iarraidh ar bhonn brostaithe tapa.

5. An t-údarás lárnach nó na húdaráis eile atá freagrach as iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a fhreagairt, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh duine ó na húdaráis sin ar fáil gach uair den lá, gach lá den tseachtain chun iarraidh faoin airteagal seo a fhreagairt.

6. An t-údarás lárnach nó na húdaráis eile ar chríoch an Pháirtí iarrataigh agus an Pháirtí iarrtha a bhfuil cúnamh frithpháirteach faoina gcúram, féadfaidh siad a chinneadh go frithpháirteach, go ndéanfar na torthaí is toradh ar fhorghníomhú na hiarrata faoin airteagal seo, sin nó réamhchóip de na torthaí sin, a chur ar fáil don Pháirtí iarratach trí bhealach seachas an bealadh a úsáideadh le haghaidh na hiarrata.

7. I gcás nach bhfuil conradh nó comhshocrú um chúnamh frithpháirteach ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach i bhfeidhm idir an Páirtí iarratach agus an Páirtí iarrtha, beidh feidhm ag Airteagal 27, míreanna 2.b agus mír 3 go 8, agus Airteagal 28, míreanna 2 go 4, den Choinbhinsiún maidir leis an airteagal seo.

8. I gcás inarb ann do chonradh nó do chomhshocrú den sórt sin, déanfar an t-airteagal seo a fhorlíonadh le forálacha an chonartha nó an chomhshocraithe sin ach amháin má chinneann na Páirtithe lena mbaineann go frithpháirteach aon cheann de na forálacha nó na forálacha uile den Choinbhinsiún dá dtagraítear i mír 7 den airteagal seo a chur i bhfeidhm ina ionad sin.

9. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh gach Páirtí a dhearbhú go seolfar iarrataí go díreach chuig a n-údaráis bhreithiúnacha freisin, sin nó chuig bealaí Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTRPOL) nó chuig a phointe teagmhála 24/7 arna bhunú faoi Airteagal 35 den Choinbhinsiún. In aon chás den sórt sin, seolfar cóip go comhuaineach chuig údarás lárnach an Pháirtí iarrtha trí údarás lárnach an Pháirtí iarrataigh. I gcás ina seolfar iarraidh go díreach chuig údarás breithiúnach de chuid an Pháirtí iarrtha agus nach bhfuil sé d'inniúlacht ag an údarás sin plé leis an iarraidh, cuirfidh sé an iarraidh ar aghaidh chuig an údarás inniúil náisiúnta agus cuirfidh sé in iúl go díreach don Pháirtí iarratach go ndearna sé amhlaidh.

## Roinn 5 - Nósanna imeachta a bhaineann le comhar idirnáisiúnta in éagmais na gcomhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme

### Airteagal 11 - Fís-chomhdháil

1. Féadfaidh Páirtí iarratach a iarraidh, agus féadfaidh an Páirtí iarrtha a cheadú go dtógfar fianaise agus ráitis ó fhinné nó ó shaineolaí trí fhís-chomhdháil. Rachaidh an Páirtí iarratach agus an Páirtí iarrtha i gcomhairle le chéile chun réiteach aon faidhbe a d'fhéadfadh a bheith ann a éascú maidir le forghníomhú na hiarrata, lena n-áirítear an méid seo a leanas de réir mar is infheidhme: cén Páirtí a bheidh i gceannas; na húdaráis agus na daoine a bheidh i láthair; an é Páirtí amháin nó an dá Pháirtí a dhéanfaidh an finné nó an saineolaí a chur faoi mhionn, sin nó rabhaidh nó treoracha áirithe a thabhairt dó; an bealach a gceisteofar an finné nó an saineolaí; an bealach ina n-déanfar cearta an fhinné nó an tsaineolaí a áirithiú mar is cuí; an chaoi a gcaithfear le héilimh ar phribhléid nó ar dhíolúine; an chaoi a gcaithfear le hagóidí in aghaidh ceisteanna nó freagraí; agus an é Páirtí amháin nó an dá Pháirtí a chuirfidh seirbhísí aistriúcháin, ateangaireachta agus tras-scríofa ar fáil.

2. a. Déanfaidh údaráis lárnacha an Pháirtí iarrtha agus an Pháirtí iarrataigh teagmháil le chéile go díreach chun críoch an airteagail seo. Féadfaidh Páirtí iarrtha glacadh le hiarraidh i bhfoirm leictreonach. Féadfaidh sé leibhéil iomchuí slándála agus fíordheimhnithe a éileamh sula nglacann sé leis an iarraidh.

b. Cuirfidh an Páirtí iarrtha an Páirtí iarratach ar an eolas faoi na cúiseanna nár fhorghníomhaigh sé an iarraidh nó na cúiseanna ar chuir sé moill ar an bhforghníomhú. Tá feidhm ag Airteagal 27, mír 8 den Choinbhinsiún maidir leis an airteagal seo. Gan dochar d'aon choinníoll eile a fhéadfaidh Páirtí iarrtha a fhorchur i gcomhréir leis an airteagal seo, tá feidhm ag Airteagal 28, míreanna 2 go 4 den Choinbhinsiún maidir leis an airteagal seo.

3. An Páirtí iarrtha a thugann cúnamh faoin airteagal seo, déanfaidh sé iarracht láithreacht an duine a bhfuil a fhianaise nó a ráiteas á lorg a fháil. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Páirtí iarrtha, a mhéid is féidir faoina dhlí féin, na bearta is gá a ghlacadh chun iallach a chur ar fhinne nó ar shaineolaí teacht i láthair ar chríoch an Pháirtí iarrtha ag am agus láthair socraithe.

4. Na nósanna imeachta a bhaineann le reáchtáil na físchomhdhála arna sonrú ag an bPáirtí iarratach, cloífear leo ach amháin i gcás ina mbeidh siad ar neamhréir le dlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha. I gcás neamhréireachta, nó a mhéid nach bhfuil an nós imeachta sonraithe ag an Páirtí iarrtha, cuirfidh an Páirtí iarrtha an nós imeachta faoina dhlí náisiúnta i bhfeidhm, ach amháin má chinneann an Páirtí iarratach agus an Páirtí iarrtha a mhalairt go frithpháirteach.

5. Gan dochar d'aon dlínse faoi dhlí náisiúnta an Pháirtí iarrataigh, i gcás ina dhéanfaidh an finné nó an saineolaí an méid seo a leanas le linn na físchomhdhála:

a. ráiteas bréagach a dhéanamh d'aon ghnó, i gcás inar chuir an Páirtí iarrtha d'oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha, fianaise a thabhairt go fírinneach;

b. diúltú d'fhianaise a thabhairt, i gcás inar chuir an Páirtí iarrtha d'oibleagáid ar an duine sin, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha, fianaise a thabhairt; nó

c. mí-iompar eile a dhéanamh le linn na n-imeachta sin, ar iompar é a bhfuil toirmeasc air de réir dhlí náisiúnta an Pháirtí iarrtha;

beidh an duine sin imsmachtaithe sa Pháirtí iarrtha sa bhealach céanna agus dá mba rud é go ndearnadh an gníomh sin i rith a imeachtaí náisiúnta.

6. a. Mura gcinntear a mhalairt go frithpháirteach idir an Páirtí iarrtha agus an Páirtí iarratach, seasfaidh an Páirtí iarrtha na costais uile a bhaineann le forghníomhú iarrata faoin airteagal seo, ach amháin na costais seo a leanas:

i. costais a bhaineann le finné saineolach;

ii. costais aistriúcháin, ateangaireachta agus tras-scríofa; agus

iii. costais urghnácha.

b. Más rud e go mbeadh costais urghnácha i gceist le forghníomhú iarrata, rachaidh an Páirtí iarratach agus an Páirtí iarrtha i gcomhairle le chéile chun na coinníollacha faoina bhféadfar an iarraidh a fhorghníomhú a chinneadh.

7. I gcás ina gcomhaontóidh an Páirtí iarratach agus an Páirtí iarrtha an méid seo a leanas go frithpháirteach:

a. féadfar forálacha an Airteagail seo a chur i bhfeidhm chun clos-chomhdhálacha a reáchtáil;

b. féadfar teicneolaíocht fís-chomhdhála a úsáid le haghaidh cuspóirí nó le haghaidh éisteachtaí seachas na cinn a shonraítear i mír 1, lena n-áirítear daoine nó nithe a shainaithint.

8. I gcás ina roghnóidh an Páirtí iarrtha éisteacht a cheadú do dhuine faoi amhras nó duine cúisithe, féadfaidh sé coinníollacha agus coimircí ar leith a éileamh i ndáil le fianaise nó ráiteas a thógáil ó dhuine den sórt sin, nó i ndáil le fógraí a thabhairt do dhuine den sórt sin nó bearta nós imeachta a chur i bhfeidhm maidir leis.

Airteagal 12 - Foirne imscrúdúcháin comhpháirteacha agus imscrúdaithe comhpháirteacha

1. Trí chomhaontú frithpháirteach, féadfaidh údaráis inniúla de chuid dhá Pháirtí nó níos mó foireann imscrúdúcháin chomhpháirteach a bhunú agus a oibriú ar a gcríoch chun imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla a éascú i gcás ina measfar go bhfuil áisiúlacht ar leith ag baint le comhordú feabhsaithe. Is iad na Páirtithe lena mbaineann a chinnfidh na húdaráis inniúla.

2. Na nósanna imeachta agus na coinníollacha lena rialaítear foirne imscrúdúcháin comhpháirteacha, amhail a gcuspóirí sonracha; comhdhéanamh; feidhmeanna; fad agus aon tréimhse sínithe; ionad; eagrúchán; téarmaí maidir le faisnéis nó fianaise a bhailiú, a tharchur agus a úsáid; téarmaí rúndachta; téarmaí maidir le rannpháirtíocht na n-údarás rannpháirteacha de chuid Páirtí áirithe i ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha atá ar siúl ar chríoch Páirtí eile, is rudaí iad a chomhaontófar idir na húdaráis inniúla sin.

3. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú nach mór dá údarás lárnach a bheith ina shínitheoir leis an gcomhaontú lena mbunaítear an fhoireann, sin nó nach mór dó aontú leis sin ar bhealach eile.

4. Na húdaráis inniúla sin atá rannpháirteach, déanfaidh siad teagmháil díreach le chéile, seachas sin, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh go frithpháirteach bealaí teagmhála iomchuí eile i gcás ina bhfuil gá le comhordú níos lárnaí i ngeall ar imthosca eisceachtúla.

5. I gcás ina bhfuil gá le bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh ar chríoch ceann amháin de na Páirtithe lena mbaineann, féadfaidh na húdaráis rannpháirteacha ón bPáirtí sin iarraidh ar a n-údaráis féin na bearta sin a dhéanamh gan iallach a bheith ar na Páirtithe eile iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chur isteach. Cuirfidh údaráis an Pháirtí sin na bearta sin i gcrích ar a chríoch faoi na coinníollacha is infheidhme faoin dlí náisiúnta maidir le himscrúdú náisiúnta.

6. Úsáid na faisnéise nó na fianaise a chuireann na húdaráis rannpháirteacha de chuid Páirtí amháin ar fáil d'údaráis rannpháirteacha de chuid na Páirtithe eile, féadfar an úsáid sin a dhiúltú nó a shrianadh ar an mbealach a leagtar amach sa chomhaontú a shonraítear i míreanna 1 agus 2. Mura leagtar amach na téarmaí maidir le húsáid a dhiúltú nó a shrianadh, is mar seo a leanas a fhéadfaidh na Páirtithe an fhaisnéis nó an fhianaise sin:

a. le haghaidh na gcuspóirí ar ina leith a rinneadh an comhaontú;

b. chun cionta seachas na cionta a ndearnadh an comhaontú ina leith a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, rud a bheidh faoi réir toiliú a fháil roimh ré ó na húdaráis a sholáthraíonn an fhaisnéis nó an fhianaise. Mar sin féin, ní bheidh ga le toiliú i gcás ina gceanglófar de réir phrionsabail dhlíthiúla bhunúsacha an Pháirtí a úsáideann an fhaisnéis nó an fhianaise go nochtfar an fhaisnéis nó an fhianaise chun cearta duine cúisithe in imeachtaí coiriúla a chosaint. Sa chás sin, tabharfaidh na húdaráis sin fógra gan moill mhíchuí do na húdaráis a sholáthair an fhaisnéis nó an fhianaise; nó

c. chun éigeandáil a chosc. Sa chás sin, na húdaráis rannpháirteacha a fuair an fhaisnéis nó an fhianaise, tabharfaidh siad fógra gan moill mhíchuí do na húdaráis a sholáthair an fhaisnéis nó an fhianaise, ach amháin má chinntear a mhalairt go frithpháirteach.

7. In éagmais comhaontú mar a shonraítear i míreanna 1 agus 2, féadfar tabhairt faoi imscrúduithe comhpháirteach faoi théarmaí a chomhaontaítear go frithpháirteach ar bhonn cás ar chás. Tá feidhm ag an mír seo, bíodh conradh cúnaimh fhrithpháirtigh ann idir na páirtithe lena mbaineann nó ná bíodh, sin nó bíodh comhshocrú ar bhonn reachtaíocht aonfhoirmeach nó reachtaíocht chómhalartach ann eatarthu nó ná bíodh.

## Caibidil III - Coinníollacha agus coimircí

### Airteagal 13 - Coinníollacha agus coimircí

I gcomhréir le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún, déanfaidh gach Páirtí a áirithiú go bhfuil bunú, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na gcumhachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Phrótacal seo faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá bhforáiltear faoina dhlí náisiúnta, rud a fhorálfaidh maidir le cosaint leordhóthanach chearta agus shaoirsí an duine.

### Airteagal 14 - Sonraí pearsanta a chosaint

1. Raon feidhme

a. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt i míreanna 1.b agus c, déanfaidh gach Páirtí na sonraí pearsanta a fhaigheann sé faoin bPrótacal seo a phróiseáil i gcomhréir le míreanna 2 go 15 den airteagal seo.

b. Más rud é, tráth a fhaightear na sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo, go bhfuil an Páirtí aistritheach agus an Páirtí fála araon faoi cheangal go frithpháirteach ag comhaontú idirnáisiúnta lena mbunaítear creat cuimsitheach idir na Páirtithe sin chun sonraí pearsanta a chosaint, rud atá infheidhme maidir le haistriú sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus a fhorálann go gcomhlíonann próiseáil na sonraí pearsanta faoin gcomhaontú sin ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí de chuid na bPáirtithe lena mbaineann, beidh feidhm ag téarmaí an chomhaontaithe sin, i gcás na mbeart a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe sin, maidir le sonraí pearsanta a fhaightear faoin bPrótacal seo in ionad mhíreanna 2 go 15, ach amháin má chomhlíontar a mhalairt idir na Páirtithe lena mbaineann.

c. Mura bhfuil an Páirtí aistritheach agus an Páirtí fála faoi cheangal go frithpháirteach faoi chomhaontú a shonraítear i mír 1.b, féadfaidh siad a chinneadh go frithpháirteach go bhféadfar aistriú na sonraí faoin bPrótacal seo a dhéanamh ar bhonn comhaontuithe nó comhshocruithe eile idir na Páirtithe lena mbaineann in ionad mhíreanna 2 go 15.

d. Measfaidh gach Páirtí go gcomhlíonann próiseáil na sonraí pearsanta de bhun mhíreanna 1.a agus 1.b ceanglais a chreata dhlíthiúil um chosaint sonraí maidir le haistriú idirnáisiúnta sonraí pearsanta, agus ní éileofar aon údarú breise le haghaidh aistriú faoin gcreat dlíthiúil sin. Ní féidir le Páirtí diúltú do shonraí a aistriú chuig Páirtí eile faoin bPrótacal seo ná an t-aistriú a chosc ar chúiseanna cosanta sonraí faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 15 nuair a bheidh feidhm ag mír 1.a; sin nó faoi théarmaí comhaontaithe nó comhshocraithe dá dtagraítear i míreanna 1.b nó c, nuair a bheidh feidhm ag ceann amháin de na míreanna sin.

e. Ní chuirfidh aon rud san airteagal seo cosc ar Pháirtí coimircí níos láidre a chur i bhfeidhm maidir lena n-údaráis féin na sonraí pearsanta a fhaightear faoin bPrótacal seo a phróiseáil.

2. Cuspóir agus úsáid

a. Na páirtí a fuair na sonraí pearsanta, déanfaidh sé iad a phróiseáil le haghaidh na gcuspóirí a shonraítear in Airteagal 2. Ní dhéanfaidh sé próiseáil bhreise ar na sonraí pearsanta le haghaidh cuspóir neamhréireach, agus ní dhéanfaidh sé próiseáil bhreise ar na sonraí nuair nach gceadaítear é sin faoina cheart dlíthiúil náisiúnta. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo dochar do chumas an Pháirtí aistrithigh coinníollacha breise de bhun an Phrótacail seo a fhorchur i gcás sonrach, ach mar sin féin, ní chuimseoidh na coinníollacha sin coinníollacha ginearálta maidir le cosaint sonraí.

b. Áiritheoidh an Páirtí fála faoina chreat dlíthiúil náisiúnta gur ábhartha iad sonraí atá á lorg agus á bpróiseáil le haghaidh chuspóirí na próiseála sin agus nach bhfuil siad iomarcach ina leith sin.

3. Cáilíocht agus sláine

Glacfaidh gach Páirtí bearta réasúnta lena áirithiú go stórálfar na sonraí pearsanta de réir an chruinnis agus na sláine is gá agus is iomchuí, agus iad a choimeád cothrom le dáta a mhéid is gá agus is iomchuí, le haghaidh phróiseáil dhlíthiúil na sonraí pearsanta, ag féachaint do na cuspóirí ar ina leith a bhfuil siad á bpróiseáil.

4. Sonraí íogaire

Má dhéanann Páirtí sonraí pearsanta a phróiseáil ar sonraí iad a léiríonn tionscnamh cine nó tionscnamh eithneach, tuairimí polaitiúla nó creidimh eile, nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha; sonraí bithmhéadracha a mheastar a bheith íogair i bhfianaise na rioscaí atá i gceist; nó sonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte nó leis an saol gnéis; ní dhéanfar an phróiseáil sin ach amháin faoi na coimircí iomchuí chun cosaint a thabhairt ar thionchar dochrach gan údar ó úsáid na sonraí sin, agus go háirithe ar idirdhealú neamhdhleathach.

5. Tréimhsí coinneála

Coinneoidh gach Páirtí na sonraí pearsanta ar feadh na tréimhse is gá agus is iomchuí de réir na gcuspóirí a bhaineann leis na sonraí a phróiseáil de bhun mhír 2, agus ar feadh na tréimhse sin amháin. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, déanfaidh sé foráil ina cheart dlíthiúil náisiúnta maidir le tréimhsí coinneála sonracha nó athbhreithniú tréimhsiúil ar an ngá leis na sonraí a choinneáil a thuilleadh.

6. Cinntí uathoibrithe

Cinntí a bhfuil drochéifeacht shuntasach leo maidir le leasanna ábhartha an duine a mbaineann na sonraí pearsanta leis, ní féidir na cinntí sin a dhéanamh ar bhonn phróiseáil uathoibrithe na sonraí pearsanta amháin, ach amháin má údaraítear sin faoin dlí náisiúnta agus faoi choimircí iomchuí a fhorálann maidir leis an bhféidearthacht idirghabháil dhaonna a fháil.

7. Slándáil sonraí agus teagmhais slándála

a. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú go bhfuil na bearta iomchuí teicneolaíochta, fisiceacha agus eagraíochtúla i bhfeidhm aige chun sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe ar chaillteanas nó ar rochtain, nochtadh, athrú nó scriosadh de thaisme nó neamhúdaraithe (‘teagmhas slándála’).

b. A luaithe a aimsítear teagmhas slándála ina bhfuil riosca suntasach díobhála fisiceacha nó neamhfhisiceacha do dhaoine nó don Pháirtí eile, déanfaidh an Páirtí fála measúnacht go pras ar dhóchúlacht agus ar scála na díobhála agus glacfaidh sé bearta iomchuí go pras chun an díobháil sin a mhaolú. Cuimseoidh na bearta sin fógra a thabhairt don údarás aistritheach nó, chun críocha Chaibidil II, Roinn 2, do na húdarás nó na húdaráis arna n-ainmniú de bhun mhír 7.c. Mar sin féin, féadfar srianta iomchuí le tarchur breise an fhógra a bheith san áireamh san fhógra; féadfar é a mhoilliú nó a fhágáil ar lár i gcás ina bhféadfadh fógra den sórt sin an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol, nó féadfar é mhoilliú i gcás ina bhféadfadh sé bearta um chosaint shábháilteacht an phobail a chur i mbaol. Cuimseoidh an ghníomhaíocht sin freisin fógra a thabhairt don duine lena mbaineann, ach amháin más rud é go bhfuil bearta iomchuí glactha ag an bPáirtí ionas nach ann do riosca suntasach a thuilleadh. Féadfar an fógra don duine a mhoilliú nó a fhágáil ar lár faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 12.a.i. Féadfaidh an Páirtí a fuair an fógra comhairliúchán agus faisnéis bhreise a iarraidh maidir leis an teagmhas agus an fhreagairt air.

c. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, cuirfidh gach Páirtí Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa ar an eolas faoin údarás nó faoi na húdaráis a bhfuil fógra le tabhairt dóibh de bhun mhír 7.b chun críocha Chaibidil II, Roinn 2: féadfar athrú a dhéanamh ar an fhianaise a sholáthair siad ina dhiaidh sin.

8. Taifid a choimeád

Coimeádfaidh gach Páirtí taifid nó beidh bealaí iomchuí eile acu lena léiriú an chaoi a ndéantar sonraí pearsanta de chuid duine aonair a rochtain, a úsáid agus a nochtadh i gcás sonrach.

9. Comhroinnt ar aghaidh laistigh de Pháirtí

a. Nuair a sholáthraíonn údarás de chuid Páirtí sonraí pearsanta a fuair sé faoin bPrótacal chuig údarás eile de chuid an Pháirtí sin i dtús báire, déanfaidh an t-údarás eile sin na sonraí sin a phróiseáil i gcomhréir leis an airteagal seo, faoi réir mhír 9.b.

b. D’ainneoin mhír 9.a, féadfar Páirtí a bhfuil forchoimeádas déanta aige faoin Airteagal 17 sonraí pearsanta arna bhfáil aige a sholáthar dá comhstáit nó d’eintitis chríochacha chomhchosúla ar choinníoll go bhfuil bearta i bhfeidhm ag an bPáirtí sin lena áirithiú go mbeidh na húdaráis a fhaigheann na sonraí fós á gcosaint go héifeachtach trí fhoráil a dhéanamh maidir le leibhéal cosanta le haghaidh na sonraí atá inchomparáide leis an leibhéal slándála dá bhforáiltear leis an airteagal seo.

c. I gcás ina dtugtar le fios nach bhfuil an mhír seo á cur chun feidhme mar is cuí, féadfaidh an Páirtí aistritheach comhairliúchán agus faisnéis ábhartha a iarraidh maidir leis méid a thugtar le fios.

10. Aistriú ar aghaidh chuig Stát eile nó chuid eagraíocht idirnáisiúnta

a. Ní fhéadfaidh an Páirtí fála na sonraí pearsanta a aistriú chuig Stát eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má fhaigheann sé údarú roimh ré ón údarás aistritheach nó, chun críocha Chaibidil II, Roinn 2, ón údarás nó ó na húdarás arna n-ainmniú de bhun mhír 10.b.

b. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, cuirfidh gach Páirtí Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa ar an eolas faoin údarás nó faoi na húdaráis a thabharfaidh an t-údarú chun críocha Chaibidil II, Roinn 2; an fhaisnéis a soláthraíodh, féadfar athrú a dhéanamh uirthi ina dhiaidh sin.

11. Trédhearcacht agus fógra

a. Tabharfaidh gach Páirtí fógra trí fhógraí ginearálta a fhoilsiú, sin nó trí fhógra pearsanta a thabhairt don duine ar bailíodh a shonraí pearsanta, ar fógra é maidir leis an méid seo a leanas:

i. an bunús dlí don phróiseáil agus cuspóir na próiseála;

ii. aon tréimhse choinneála nó athbhreithniúcháin de bhun mhír 5, de réir mar is infheidhme;

iii. na faighteoirí nó na catagóirí d'fhaighteoirí a nochtar na sonraí sin dóibh; agus

iv. an rochtain, an ceartú agus an sásamh atá ar fáil.

b. Féadfaidh Páirtí aon cheanglas maidir le fógra pearsanta a chur faoi réir srianta réasúnta faoina chreat dlíthiúil náisiúnta de bhun na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 12.a.i.

c. I gcás ina gceanglaítear de réir chreat dlíthiúil náisiúnta an Pháirtí aistrithigh fógra pearsanta a thabhairt don duine ar soláthraíodh a chuid sonraí do Pháirtí eile, glacfaidh an Páirtí aistritheach bearta ionas go mbeidh an Páirtí eile ar an eolas tráth an aistrithe faoin gceanglas sin agus faoin bhfaisnéis teagmhála iomchuí. Ní thabharfar an fógra pearsanta más rud é gur iarr an Páirtí eile soláthar na sonraí a choimeád faoi rún, i gcás ina mbeidh feidhm ag na coinníollacha le haghaidh srianta, mar a leagtar amach i mír 12.a.i. A luaithe nach mbeidh feidhm ag na srianta sin a thuilleadh agus go bhféadfar an fógra pearsanta a thabhairt, glacfaidh an Páirtí eile bearta ionas go mbeidh an Páirtí aistritheach ar an eolas. Murar cuireadh ar an eolas go fóill é, tá an Páirtí aistritheach i dteideal iarrataí a chur faoi bhráid an Pháirtí fála, agus inseoidh sé don Pháirtí aistritheach ar cheart an srian a choimeád i bhfeidhm.

12. Rochtain agus ceartú

a. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú maidir le haon duine a fuarthas a shonraí pearsanta faoin bPrótacal seo, go bhfuil sé i dteideal an mhéid seo a leanas a lorg agus fháil, i gcomhréir leis na próisis arna leagan síos ina chreat dlíthiúil náisiúnta agus gan moill mhíchuí:

i. cóip i scríbhinn nó cóip leictreonach den doiciméadacht a choimeádtar maidir leis an duine sin ina bhfuil sonraí pearsanta an duine sin agus faisnéis atá ar fáil a léiríonn an bunús dlí don phróiseáil agus cuspóirí na próiseála, tréimhsí coinneála agus faighteoirí nó catagóirí d'fhaighteoirí na sonraí ('rochtain'), mar aon le haon fhaisnéis maidir le roghanna atá ar fáil le haghaidh sásaimh; ar choinníoll go bhféadfadh an rochtain i gcás ar leith a bheith faoi réir cur i bhfeidhm srianta comhréireachta a cheadaítear faoina chreat dlíthiúil náisiúnta, ar srianta iad a bhfuil gá leo tráth an bhreithnithe chun cearta agus saoirsí daoine eile nó cuspóirí tábhachtacha maidir le leas an phobail a chosaint, agus a thugann aird chuí ar leasanna dlisteanacha an duine lena mbaineann;

ii. ceartú nuair nach cruinn iad sonraí pearsanta an duine nó nuair nár próiseáladh mar ba cheart iad; cuimseoidh ceartú - de réir mar is iomchuí agus réasúnta i bhfianaise an fhorais le ceartú agus chomhthéacs sonrach na próiseála - ceartú, forlíonadh, léirscriosadh, anaithnidiú, srianadh ar phróiseáil, nó blocáil.

b. Má dhiúltaítear do rochtain nó do cheartú, nó má chuirtear srian orthu, tabharfaidh an Páirtí freagra i scríbhinn don duine, freagra a fhéadfar a chur ar fáil go leictreonach, gan moill mhíchuí, ina gcuirtear an diúltú nó an srianadh in iúl don duine sin. Léireodh sé an foras leis an diúltú nó an srianadh sin agus tabharfaidh sé faisnéis faoi na roghanna atá ar fáil chun sásamh a fháil. Aon chostas a thabhaítear chun rochtain a fháil, ba cheart é a theorannú do mhéid atá réasúnta nach bhfuil iomarcach.

13. Leigheasanna breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha

Beidh leigheasanna éifeachtacha breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha i bhfeidhm ag gach Páirtí chun sásamh a thabhairt maidir le sáruithe ar an airteagal seo.

14. Maoirseacht

Beidh údarás poiblí amháin nó níos mó i bhfeidhm ag gach Páirtí a fheidhmeoidh, ina n-aonar nó go carnach, feidhmeanna agus cumhachtaí formhaoirseachta neamhspleácha éifeachtacha, i ndáil leis na bearta a leagtar amach san airteagal seo. Feidhmeanna agus cumhachta na n-údarás sin, ag feidhmiú dóibh ina n-aonar nó go carnach, cuimseoidh siad cumhachtaí imscrúdúcháin, an chumhacht gníomhú de bhun gearán, agus an cumas gníomh ceartaitheach a dhéanamh.

15. Comhairliúchán agus fionraíocht

Féadfaidh Páirtí aistriú sonraí pearsanta chuig Páirtí eile a chur ar fionraí má tá fianaise shubstainteach aige go bhfuil an Páirtí eile ag sárú théarmaí an airteagail go córasach nó go hábhartha, nó má bhíonn garbhaol sáraithe ábhartha ann. Ní dhéanfaidh sé aistrithe a chur ar fionraí gan fhógra réasúnta a thabhairt agus ní go dtí go ndeachaigh na Páirtithe lena mbaineann i gcomhairliúchán le chéile ar feadh tréimhse réasúnta gan teacht ar réiteach. Mar sin féin, féadfaidh Páirtí aistrithe a chur ar fionraí go sealadach i gcás sárú córasach nó ábhartha atá ina ghar-riosca suntasach do shaol nó do shábháilteacht duine nádúrtha, nó a d'fhéadfadh dochar suntasach a dhéanamh do dhuine nádúrtha ó thaobh clú nó airgeadais de, agus sa chás sin tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus rachaidh sé i gcomhairliúchán leis láithreach ina dhiaidh sin. Mura mbeidh réiteach mar thoradh ar an gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí eile aistrithe a chur ar fionraí go cómhalartach, má bhíonn fianaise shubstainteach aige go raibh an fionraí a rinne an Páirtí fionraíochta i gcoinne théarmaí na míre seo. Cuirfidh an Páirtí fionraíochta deireadh leis an bhfionraí a luaithe a leigheasfar an sárú a bhí ina údar leis an bhfionraí; cuirfear deireadh le haon fionraí cómhalartach an tráth sin. Aon sonraí pearsanta a aistríodh roimh an bhfionraí, caithfear leo fós i gcomhréir leis an bPrótacal seo.

## CAIBIDIL IV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal 15 - Éifeacht an Phrótacail seo

1. a. Beidh feidhm ag Airteagal 39, mír 2. den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal seo.

b. I ndáil leis na Páirtithe atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach, féadfaidh na Páirtithe sin, ina gcaidreamh frithpháirteach, dlí an Aontais Eorpaigh a rialaíonn na hábhair a bpléitear leo sa Phrótacal seo a chur i bhfeidhm.

c. Ní dhéanann mír 1.b difear do chur i bhfeidhm iomlán an Phrótacail seo idir Páirtithe atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach agus Páirtithe eile.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 39, mír 3 den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal seo.

### Airteagal 16 - Síniú agus teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt le haghaidh a shínithe ag na Páirtithe sa Choinbhinsiún ar féidir leo a léiriú go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag ceachtar díobh seo a leanas:

a. síniú gan forchoimeádas maidir le daingniú, glacadh nó formheas; nó

b. síniú faoi réir daingniú, glactha nó formheasa, agus é a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas ina dhiaidh sin.

2. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh le hArd-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis dul in éag tréimhse trí mhí i ndiaidh an dáta a léirigh cúig Pháirtí sa Choinbhinsiún go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal seo, i gcomhréir le forálacha mhíreanna 1 agus 2 den airteagal seo.

4. I ndáil le haon Pháirtí sa Choinbhinsiún a léireoidh ina dhiaidh sin go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal seo, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis dul in éag tréimhse trí mhí in ndiaidh an dáta a léirigh an Páirtí go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal seo, i gcomhréir le forálacha mhíreanna 1 agus 2 den airteagal seo.

Airteagal 17 - Clásal cónaidhme

1. Féadfaidh Stát cónaidhme an ceart a fhorchoimeád oibleagáidí faoin bPrótacal seo a ghlacadh air féin, i gcomhréir lena phrionsabail bhunúsacha lena rialaítear an caidreamh idir an rialtas láir agus na comhstáit den chónaidhm nó eintitis chríochacha eile den sórt sin, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

a. beidh feidhm ag an bPrótacal maidir le rialtas láir an Stáit cónaidhme;

b. ní dhéanfaidh an forchoimeádas sin difear do na hoibleagáidí i dtaca le foráil a dhéanamh maidir leis an gcomhar atá á lorg ag Páirtithe eile i gcomhréir le forálacha Chaibidil II; agus

c. beidh feidhm ag forálacha Airteagal 13 maidir leis na comhstáit de chuid an Stáit cónaidhme nó maidir le heintitis chríochacha eile den sórt sin.

2. Féadfaidh Páirtí eile cosc a chur ar údaráis, soláthraithe nó eintitis ar a chríoch comhoibriú mar fhreagairt ar iarraidh nó ar ordú arna chur isteach go díreach ó chomhstát nó ó eintiteas críochach eile den sórt sin de chuid an Stáit cónaidhme a rinne forchoimeádas faoi mhír 1, ach amháin má thugann an Stát cónaidhme sin fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa go bhfuil oibleagáidí an Phrótacail sin is infheidhme maidir leis an Stát cónaidhme á gcur i bhfeidhm ag comhstát den chónaidhm nó ag an eintiteas críochach eile den sórt sin. Bunóidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa clár de na fógraí den sórt sin agus coimeádfaidh sé cothrom le dáta é.

3. Ní chuirfidh Páirtí eile cosc ar údaráis, soláthraithe nó eintitis ar a chríoch comhoibriú le comhstát nó le heintiteas críochacha eile den sórt sin ar fhoras forchoimeádais faoi mhír 1, más rud é gur cuireadh ordú nó iarraidh isteach tríd an rialtas láir nó más rud é go nglactar páirt i gcomhaontú um fhoireann imscrúdúcháin chomhpháirteach faoi Airteagal 12 le rannpháirtíocht an rialtais láir. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an rialtas láir foráil maidir le comhlíonadh oibleagáidí an Phrótacail is infheidhme, ar choinníoll gur i ndáil le cosaint na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do na comhstáit nó d'eintitis chríochacha den sórt sin, ní bheidh feidhm ach amháin ag téarmaí Airteagal 14, mír 9, nó i gcás inarb infheidhme, téarmaí comhaontaithe nó comhshocraithe a shonraítear in Airteagal 14, mír 1.b nó 1.c.

4. Maidir le forálacha an Phrótacail seo a dtagann a gcur i bhfeidhm faoi dhlínse comhstáit nó eintiteas críochach den chineál sin nach bhfuil sé d'oibleagáid orthu de réir chóras bunreachtúil na cónaidhme bearta reachtacha a ghlacadh, cuirfidh an rialtas láir údaráis inniúla na gcomhstát sin ar an eolas faoi na forálacha thuasluaite agus tabharfaidh sé a

thuairim fhabhrach lena spreagadh chun gníomh iomchuí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt leo.

Airteagal 18 - Cur i bhfeidhm críochach

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo leis an gcríoch nó leis na críocha a shonraítear i ndearbhú a dhéanann Páirtí faoi Airteagal 38, míreanna 1 nó 2 den Choinbhinsiún a mhéid nár tarraingíodh siar an dearbhú sin faoi Airteagal 38, mír 3.

2. Tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh Páirtí a dhearbhú nach mbeidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir le ceann amháin nó níos mó de na críocha a shonraítear i ndearbhú an Pháirtí faoi Airteagal 38, míreanna 1 agus/nó 2 den Choinbhinsiún.

3. Féadfar dearbhú faoi mhír 2 den airteagal seo a tharraingt siar i ndáil le haon chríoch a shonraítear sa dearbhú sin trí fhógra atá dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Beidh éifeacht leis an tarraingt siar an chéad lá den mhí tar éis dul in éag tréimhse trí mhí i ndiaidh an dáta a fhaigheann an tArd-Rúnaí an fógra sin.

Airteagal 19 - Forchoimeádais agus dearbhuithe

1. Trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh aon Pháirtí sa Choinbhinsiún a dhearbhú go mbaineann sé leas as an bhforchoimeádas nó na forchoimeádais dá bhforáiltear in Airteagail 7, míreanna 9.a agus 9.b, Airteagal 8, mír 13 agus Airteagal 17 den Phrótacal seo. Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas eile a dhéanamh.

2. Trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, tráth a shíneofar an Prótacal seo, nó tráth a dhéanfar ionstraim a dhaingniúcháin, a ghlactha nó a fhormheasa a thaisceadh, féadfaidh aon Pháirtí sa Choinbhinsiún na dearbhuithe a shainaithnítear in Airteagal 7, míreanna 2.b agus 8; Airteagal 8, mír 11; Airteagal 9, míreanna 1.b agus 5; Airteagal 10, mír 9; Airteagal 12, mír 3; agus Airteagal 18, mír 2 den Phrótacal seo a dhéanamh.

3. Trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, déanfaidh aon Pháirtí sa Choinbhinsiún aon dearbhú, fógra nó teachtaireacht a shainaithnítear in Airteagal 7, míreanna 5.a agus e; Airteagal 8, míreanna 4 agus 10.a agus b; Airteagal 14, míreanna 7.c agus 10.b; agus Airteagal 17, mír 2, den Phrótacal seo de réir na dtéarmaí a shonraítear iontu.

Airteagal 20 - Stádas agus tarraingt siar forchoimeádas

1. Aon Pháirtí a rinne forchoimeádas i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 1, déanfaidh sé an forchoimeádas sin a tharraingt siar ina iomláine, nó cuid de a tharraingt siar, a luaithe is féidir de réir na n-imthosca. Beidh éifeacht leis an tarraingt siar sin an dáta a fhaightear fógra atá dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa. Má shonraítear i bhfógra go mbeidh éifeacht le tarraingt siar forchoimeádais ar dháta a shonraítear ann, agus má tá an dáta sin níos déanaí ná an dáta a fhaigheann an tArd-Rúnaí an fógra, beidh éifeacht leis an tarraingt siar ar an dáta níos déanaí.

2. Na Páirtithe a rinne forchoimeádas amháin nó níos mó i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 1, féadfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fiafraí de na Páirtí sin go tréimhsiúil faoin dóchúlacht go dtarraingeofar siar na forchoimeádais sin.

Airteagal 21 - Leasuithe

1. Féadfaidh aon Pháirtí sa Phrótacal seo leasuithe ar an bPrótacal a mholadh agus cuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa iad in iúl do chomhaltaí Chomhairle na hEorpa agus do na Páirtithe agus do na sínitheoirí sa Choinbhinsiún mar aon le haon Stát ar iarradh air aontú don Choimisiún.

2. Aon leasú a mholann Páirtí, cuirfear in iúl é don Choiste Eorpach um Fhadhbanna Coireachta (CDPC) agus cuirfidh an Coiste sin a thuairim maidir leis an leasú molta sin faoi bhráid Choiste na nAirí.

3. Breithneoidh Coiste na nAirí an leasú molta agus an tuairim a thug CDPC uaidh agus tar éis comhairliúcháin leis na Páirtithe sa Choinbhinsiún, féadfaidh sé an leasú a ghlacadh.

4. Téacs aon leasaithe a ghlacann Coiste na nAirí i gcomhréir le mír 3, déanfar é a chur ar aghaidh chuig na Páirtithe sa Phrótacal seo le haghaidh a ghlactha.

5. Aon leasú a ghlactar i gcomhréir le mír 3, tiocfaidh sé i bhfeidhm an tríochadú lá tar éis do na Páirtithe uile sa Phrótacal seo a chur in iúl don Ard-Rúnaí gur ghlac siad leis.

Airteagal 22 - Réiteach díospóidí

Beidh feidhm ag Airteagal 45 den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal seo.

Airteagal 23 - Comhairliúcháin leis an bPáirtithe agus measúnú ar chur chun feidhme

1. Beidh feidhm ag Airteagal 46 den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal seo.

2. Déanfaidh na Páirtithe measúnú tréimhsiúil ar úsáid agus ar chur chun feidhme éifeachtach fhorálacha an Phrótacail seo. Beidh feidhm *mutatis mutandi*s ag Airteagal 2 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste de chuid an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht arna leasú an 16 Deireadh Fómhair 2020. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú i dtús báire ar fhorálacha an airteagail sin a mhéid a bhfuil feidhm acu maidir leis an bPrótacal seo agus féadfaidh siad iad a mhodhnú de chomhthoil, cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.

3. Cuirfear tús leis an athbhreithniú ar Airteagal 14 a luaithe a léireoidh deich bPáirtí sa Choinbhinsiún go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal seo.

Airteagal 24 - Séanadh

1. Féadfaidh aon Pháirtí, tráth ar bith, an Prótacal seo a shéanadh trí bhíthin fógra a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

2. Beidh éifeacht leis an séanadh sin an chéad lá den mhí tar éis dul in éag tréimhse trí mhí i ndiaidh an dáta a fhaigheann an tArd-Rúnaí an fógra sin.

3. Is ionann séanadh an Choinbhinsiúin ag Páirtí sa Phrótacal seo agus séanadh an Phrótacail seo.

4. Aon fhaisnéis nó fianaise a aistríodh roimh dháta éifeachtach an tséanta, caithfear léi fós i gcomhréir leis an bPrótacal.

Airteagal 25 - Fógra a thabhairt

Tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa fógra do chomhaltaí Chomhairle na hEorpa, do na Páirtithe agus na sínitheoirí sa Choinbhinsiún agus d'aon Stát ar iarradh air aontú don Choinbhinsiún faoin méid seo a leanas:

a. aon síniú;

b. taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasa;

c. aon dáta a thagann an Prótacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 16, míreanna 3 agus 4;

d. aon dearbhú nó aon fhorchoimeádas a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 19 nó aon tarraingt siar forchoimeádas a rinneadh i gcomhréir 20;

e. aon ghníomh, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Dá fhianú sin chuir na daoine thíos-sínithe, ar iad a bheith údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh in [ÁIT] an [DÁTA], i mBéarla agus i bhFraincis, an dá théacs comhúdarásach, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe chuig gach comhalta de Chomhairle na hEorpa, chuig na Páirtithe agus na Sínitheoirí sa Choinbhinsiún agus chuig aon Stát ar iarraidh air aontú don Choinbhinsiún.